
# An Gruagaire



Chuaigh Íde go dtí an gruagaire Dé hAoine. Thug Mamaí an t-airgead di. Chuir an gruagaire fáilte **roimpi.** Shuigh sí ar an gcathaoir. Chonaic sí í féin sa **scáthán.** Nigh an gruagaire an ghruaig ar dtús. Ansin ghearr sí an ghruaig le **siosúr. Thriomaigh sí** an ghruaig le **triomadóir.** Thaitin an stíl nua le hÍde. Tháinig sí abhaile. Thosaigh Tomás **ag magadh fúithi.** Dúirt sé go raibh sí cosúil le moncaí.

**Foclóir:**

| | |
|---|---|
| **gruagaire,** hairdresser | **triomadóir,** dryer |
| **scáthán,** mirror | **stíl,** style |
| **siosúr,** scissors | **ag magadh,** joking |
| **thriomaigh sí,** she dried | |

**A. Líon isteach na bearnaí:**
g—uagaire, fái—te, ch—n—ic sí, sio—úr, t—iomad—ir, ag m—g—dh.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Thug — an t-airgead di.
2. Chuir an — fáilte roimpi.
3. Chonaic — í féin sa —.
4. Thriomaigh sí an — le triomadóir.

**C. Déan abairtí díobh seo:**
1. ar an gcathaoir, sí, shuigh.
2. le hÍde, thaitin, stíl nua, an.
3. le triomadóir, sí, an ghruaig, thriomaigh.
4. fúithi, Tomás, thosaigh, ag magadh.

**D. Freagair na ceisteanna:**
1. Cé a chuaigh go dtí an gruagaire?
2. Cathain a chuaigh sí go dtí an gruagaire?
3. Cé a thug an t-airgead di?
4. Cár shuigh Íde?
5. Cé a chonaic sí sa scáthán?
6. Conas a thriomaigh an gruagaire an ghruaig?
7. Cad a dúirt Tomás?
8. Cad a rinne an gruagaire leis an siosúr?

**Gramadach 27**

(i) **Foghlaim:**

| | |
|---|---|
| fúm | fúinn |
| fút | fúibh |
| faoi | fúthu |
| fúithi | |

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Nuair a tháinig Tomás isteach thosaigh mé ag magadh **faoi.**
1. Tháinig mé isteach sa chlós. Thosaigh Tomás ag magadh —.
2. Tháinig Íde agus mé féin isteach sa chlós. Thosaigh Úna ag magadh —.
3. Thit sí ar an urlár. Thosaigh mé ag magadh —.

(ii) **Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Nuair a tháinig tú isteach chuir mé fáilte **romhat.**
1. Nuair a tháinig mé ar scoil chuir na páistí fáilte —.
2. Tháinig an sagart isteach agus chuir mé fáilte —.
3. Ní raibh aon airgead agam ach thug Mamaí deich bpingin —.
4. Fuair Íde agus Máire cótaí nua. Thaitin na cótaí —.